

1. Cén aois thú? How old are you?  
Tá mé fiche bliain d'aois. I'm twenty years old.
2. 1 – aon bhliain 11 – aon bhliain déag 20 – fiche bliain  
2 – dhá bhliain 12 – dhá bhliain déag 30 – tríocha bliain  
3 – trí bliana 13 – trí bliana déag 40 – daichead bliain  
4 – ceithre bliana 14 – ceithre bliana déag 50 – caoga bliain  
5 – cúig bliana 15 – cúig bliana déag 60 – seasca bliain  
6 – sé bliana 16 – sé bliana déag 70 – seachtó bliain  
7 – seacht mbliana 17 – seacht mbliana déag 80 – ochtó bliain  
8 – ocht mbliana 18 – ocht mbliana déag 90 – nócha bliain  
9 – naoi mbliana 19 – naoi mbliana déag 100 – céad bliain  
10 – deich mbliana
- 21 – fiche a haon bliana 56 – caoga a sé bliana  
21 – bliain is fiche 56 – sé bliana is caoga
- 20 – scór bliain 30 – scór bliain go leith  
40 – dhá scór bliain 58 – ocht mbliana déag is dhá scór  
60 – trí scór bliain 70 – trí scór bliain go leith  
80 – ceithre scór bliain 92 – dhá bhliain déag is ceithre scór
- 50 – leathchéad bliain 150 – céad go leith bliain
3. Cén aois é do mhac? How old is your son?  
*Tá sé sé bliana déag d'aois.* *He's sixteen years old.*  
Cén aois í d'iníon? How old is your daughter?  
*Tá sí dhá scór bliain d'aois.* *She's forty years old.*  
Cén aois é nó í do mhadra? How old is your dog?
4. Cén aois é/í do leanbh? How old is your child?  
Tá sé/sí aon mhí d'aois. (S)he's one month old.  
dhá mhí ... sé mhí two months ... six months  
seacht mí ... deich mí seven months ... ten months  
aon mhí déag eleven months  
dhá mhí déag twelve months  
Tá sé/sí leathbhliain d'aois. S(h)e's a half a year old.

**Mo Chlann Fhiáin 2 (cuid a dó)**

1. Is carnabhóirí iad síotaí, rud a chiallaíonn go n-ithimid feoil amháin.
2. Chun a fuinneamh a spáráil, cromann maimé síos agus téann sí chomh gar don chreach agus is féidir léi, agus ansin, as go brach léi.
3. Torc na bhfaithní atá ann.
4. Éalaíonn sé an uair seo.
5. Bíonn a fhios ag maimé cén uair le stopadh, ionas nach mbeidh sí róthuirseach le rud éicint eile a fhiach.
6. Deir maimé gur féidir linn tíocht amach anois.
7. Tá sí ag iarraidh muid a thabhairt go ceantar eile.
8. Níl aon bhia anseo agus tá ocras ag tíocht orainn.
9. Cuardaíonn maimé ár ndinnéar.
10. Is nead seangán é an cnocán seo agus má sheasann sí ar a bharr, beidh radharc níos fearr aici.
11. An bhfeiceann tú aon rud?
12. Is dóigh go gcaithimid leanacht orainn.
13. Hé! Féach ar an gcrann sin.
14. Dreapaimid suas le cabhrú le maimé bia a chuardú.
15. An bhfuil aon rud ann?
16. Rud ar bith.
17. Tá sé seo níos deacra ná mar a shílfeá.

**Ceisteanna**

1. Cad a itheann síotaí?
2. Cén ainmhí a aimsíonn maimé?
3. An mbeireann maimé air?
4. Cén saghas cnocáin atá ann?
5. Cad atá ar bharr an chnocáin?
6. An maith leat síotaí? Cén fáth?

**My Wild Family 2 (part two)**

- Cheetahs are carnivores, which means that we eat only meat.
- To spare her energy, mom crouches down and she goes as close to the prey as she can, and then, off with her.
- It's a warthog.
- It gets away this time.
- Mom knows when to stop, so that she won't be too tired to hunt something else.
- Mom says that we can come out now.
- She wants to take us to a new area.
- There's no food here and we're getting hungry.
- Mom looks for our dinner.
- This hill is an ant nest and if she stands on top of it, she will have a better view.
- Do you see anything?
- It seems that we'll have to continue on.
- Hey! Look at that tree.
- We climb up to help mom look for food.
- Is there anything there?
- Nothing.
- This is harder than you'd think.

**Questions**

- What do cheetahs eat?
- What animal does mom find?
- Does mom catch it?
- What kind of hill is there?
- What's on the top of the hill?
- Do you like cheetahs? Why?

**Amelia Earhart – le David Lowe**

1. I ndiaidh an chogaidh, bhog Amelia go Los Angeles, an áit is mó eitleán i Meiriceá san am sin.
2. B’ansin a chuaigh sí ar a céad eitilt.
3. Dhíoc sí deich ndollar as eitilt bomaite.
4. Chomh luath agus a d’imigh sí ón talamh bhí a fhios aici gur mhaith léi eitleán a eitilt í féin.
5. Chuala Amelia faoi bhean a thug ceachtanna eitilte agus, i mí na Nollag, naoi déag is fiche, bhí sí ar an chéad mhac léinn píolóta ag Anita Snook.
6. Le hóc as na ceachtanna, d’oibrigh sí ag comhlacht guthán, dhíol sí ispíní agus thiomáin sí leoraí.
7. Lá amháin in Aibreán naoi déag fiche a hocht, cuireadh ceist ar Amelia ar mhaith léi bheith ar an chéad bhean le heitilt mar phaisinéir trasna an Atlantaigh gan stad.
8. Na seanphíolótaí, Wilmer Stultz agus Louis Gordon, a bheadh ag eitilt.
9. Bhí Amelia ag dúil leis an eachtra.
10. Choinnigh siad an eitilt faoi rún ar eagla go mbeadh daoine eile ag iarraidh rás a dhéanamh den eitilt.
11. Ní raibh cead ag Amelia rud ar bith a rá lena tuismitheoirí, fiú.
12. D’fhág sí nótaí acu a raibh ’ar eagla na heagla’ scríofa orthu a bhí le cur sa phost dá mbeadh taisme ann.

**Amelia Earhart – by David Lowe**

After the war, Amelia moved to Los Angeles, the place with the most airplanes in America at that time.

It was there that she went on her first flight. She paid ten dollars for a minute flight.

As soon as she left the ground she knew that she would like to fly a plane herself.

Amelia heard about a woman who gave flying lessons and, in December nineteen twenty, she was Anita Snook’s first pilot student.

To pay for the lessons, she worked at a phone company, she sold sausages, and she drove a truck.

One day in April, nineteen twenty eight, Amelia was asked would she like to be the first woman to fly as a passenger non-stop across the Atlantic.

The old pilots, Wilmer Stultz and Louis Gordon, would be flying.

Amelia was looking forward to the adventure.

They kept the flight a secret for fear that other people would be trying to make a race out of the flight.

Amelia was not permitted to say anything to her parents, even.

She left notes for them on which “just in case” was written to put in the mail if there was an accident.